C/2025/3736

17.9.2025

**P9_TA(2024)0309**

# Toirmeasc a chur ar tháirgí ar mhargadh an Aontais a tháirgtear trí shaothar éignithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais (COM(2022)0453 – C9-0307/2022 – 2022/0269(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(C/2025/3736)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0453),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 114 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0307/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Eanáir 2023 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas na coistí freagracha faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 13 Márta 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Iascach agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0306/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 140, 21.4.2023, lch. 75.

**P9_TC1-COD(2022)0269**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2024/3015.)*